Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2019
(OR. en)

7456/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0247(COD)**

ELARG 8
COWEB 46
CFSP/PESC 213
RELEX 258
FIN 233
CADREFIN 150
CODEC 670
POLGEN 49
MIGR 33

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7210/19 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) (An chéad léamh)<br>– Cur chuige ginearálta páirteach |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 14 Meitheamh, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[1] faoi Cheannteideal 6 ("An Chomharsanacht agus an Domhan") den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

[1] 10184/18 + ADD 1 + ADD 2

2. I gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún, is é is aidhm do IPA III tacú leis na tairbhithe na hathchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha, a theastaíonn uathu chun cloí le luachanna an Aontais, a ghlacadh agus a chur chun feidhme na agus iad féin a ailíniú, de réir a chéile, le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d'fhonn ballraíocht a ghlacadh amach anseo san Aontas. Le IPA III áirithítear leanúnachas le IPA II (lena gcumhdaítear an tréimhse 2014-2020) agus comhlántacht le hionstraimí eile (go háirithe an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - NDICI) agus beartais eile de chuid an Aontais (e.g. imirce, athrú aeráide). EUR 14 500 000 000 (i bpraghsanna reatha) atá san imchlúdach airgeadais beartaithe do IPA III don tréimhse 2021-2027.

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

3. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) a leithdháileadh an comhad, agus beidh José Ignacio Salafranca Sánchez-Neyra (EPP, ES) agus Knut Fleckenstein (S&D, DE) ina gcomhrapóirtéirí air. Ar an 4 Feabhra 2019 ghlac AFET an dréacht-tuarascáil a thíolaic na comhrapóirtéirí agus táthar ag fanacht anois go nglacfar é le linn sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa ar an 25-28 Márta 2019.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim ag an seisiún iomlánach ar an 12 Nollaig 2018[2].

5. Ghlac Coiste na Réigiún tuairim ag an seisiún iomlánach ar an 5- 6 Deireadh Fómhair 2018[3].

[2] 15601/18
[3] 15622/18

## III. AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

6. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Meithle um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu (COELA) den chéad uair ar an 3 Iúil 2018. Tar éis an chéad phlé ghinearálta ar an 10 Iúil 2018, rinne COELA scrúdú ar an togra i roinnt cruinnithe a tionóladh ó shin faoi Uachtaránacht na hOstaire, agus rinneadh an-chuid dul chun cinn ó thaobh na caibidlíochta de le linn na gcruinnithe sin. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid Coreper ar an 19 Nollaig 2018[4].

7. Leanadh den obair sin faoi Uachtaránacht na Rómáine i roinnt cruinnithe de chuid COELA a tionóladh i mí Feabhra agus i mí Márta 2019 chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a phlé agus tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar an téacs d'fhonn freastal ar na hábhair imní a tharraing na toscaireachtaí anuas. Rinneadh athruithe, go háirithe, ar shaincheist na trédhearcachta agus na cuimsitheachta i bpróiseas cinnteoireachta Choiste IPA, athruithe lenar díríodh ar a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis iomchuí ar fáil do na Ballstáit agus go léireofar go leordhóthanach a rannpháirtíocht agus an treoir straitéiseacha a thug siad. I ndáil le próiseas clársceidealaithe IPA, bhí sé mar aidhm a áirithiú go mbeidh an cúnamh a thabharfar do na tairbhithe solúbtha agus intuartha, go dtabharfar luaíocht ar fheidhmíocht ach go dtabharfar aghaidh, ag an am céanna, ar riachtanais na dtairbhithe a fheidhmíonn ar leibhéal níos ísle, agus gur féidir an cúnamh sin a mhodhnú i gcás inar tharla cúlchéimniú suntasach nó inar theip go leanúnach ar thairbhithe aon dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí a chumhdaítear leis an gcur chuige dá ngairtear "bunphrionsabail i dtosach".

8. Ba cheart a thabhairt ar aird gur cuid den phacáiste tograí atá ceangailte le CAI 2021-2027 an Rialachán atá beartaithe, agus dá bhrí sin, go bhfuil sé ag brath ar thoradh na caibidlíochta cothrománaí sin. Idir an dá linn, cuirtear lúibíní cearnacha ar an méid tagartha in Airteagal 4(1) sa téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Tá lúibíní cearnacha freisin ar na forálacha de chineál cothrománach agus eisiafar iad ón gcur chuige ginearálta páirteach atá beartaithe go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le CAI: baineann siad le sprioc fhoriomlán chaiteachas buiséid an Aontais lena dtacaítear le cuspóirí aeráide (aithris 13), le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit agus i dtríú tíortha (aithris 23), agus le ráta cómhaoiniúcháin an Aontais (Airteagal 9(2)).

[4] 15532/18

9. Tá lúibíní cearnacha ar chodanna eile den togra freisin. Baineann siad sin den chuid is mó le tagairtí do ghníomhartha dlíthiúla atá fós á bplé (amhail Rialachán NDICI agus Rialachán ETC), a bhféadfadh sé gur gá nuashonrú a dhéanamh orthu ag deireadh na caibidlíochta. Tá dlúthnasc ag roinnt forálacha le forálacha sna gníomhartha dlíthiúla eile sin agus bheadh gá iad a léiriú sa téacs seo tráth níos déanaí, ach a dtabharfar an plé faoi na gníomhartha sin chun críche. Is é sin an cás sin go háirithe maidir le hAirteagal 11 (in éineacht le haithris 27 agus aithris 28 a chomhfhreagraíonn dó) agus maidir le hAirteagal 17.

10. Ar an 13 Márta 2019, rinne Coiste na mBuanionadaithe scrúdú ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht. Tar éis an phlé sin, chomhaontaigh an Uachtaránacht roinnt athruithe breise a dhéanamh ar an téacs, eadhon in aithris (6b), aithris (13), Airteagal 7a(5) agus Iarscríbhinn I[5]. Tháinig sé chun cinn le linn an phlé sin gur bonn maith é an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht chun teacht ar chur chuige ginearálta páirteach.

## IV. CONCLÚID

11. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar an gComhairle teacht ar an gcur chuige ginearálta páirteach maidir leis an téacs mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 19 Márta 2019. Is éard a bheidh sa chur chuige ginearálta páirteach, sainordú do chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo le Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

---

[5] Tá líne faoi na hathruithe sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

2018/0247 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**[6]

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh Rialachán (AE) Uimh. 231/2014[9] in éag ar an 31 Nollaig 2020. Chun éifeachtacht an Aontais a chothabháil i ngníomhaíochtaí seachtracha, ba cheart creat um pleanáil agus um sholáthar cúnaimh sheachtraigh a chothabháil.

---

6 Is i ***gcló trom*** agus ***cló iodálach*** agus le [...] a mharcáiltear athruithe ar an togra ón gCoimisiún, agus tá líne freisin faoi na hathruithe a rinneadh i gcomparáid leis an leagan roimhe sin den téacs seo.

7 IO C , , lch. .

8 IO C , , lch. .

9 Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (IO L 77, 15.3.2014, lch. 11).

(2) Is mór idir cuspóirí ionstraime um réamhaontachais agus cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar gurb é is aidhm leis an ionstraim na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh bhallraíocht an Aontais amach anseo a ullmhú agus tacú lena bpróiseas aontachais. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach ionstraim shaincheaptha a bheith ann a thacaíonn leis an méadú, agus san am céanna ionstraim a dhéanann a chomhlántacht le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus leis an Ionstraim maidir um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI).

(3) Déantar foráil in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhféadfaidh aon stát Eorpach a urramaíonn luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de mhionlaigh iad, agus a thugann gealltanas na luachanna sin a chur chun cinn, iarratas a dhéanamh ar bheith ina chomhalta den Aontas. Ní fhéadfaidh Stát Eorpach a chuir iarratas isteach ar dhul isteach san Aontas a bheith ina chomhalta go dtí go mbeidh sé deimhnithe go gcomhlíonann sé na critéir bhallraíochta a bhunaigh an Chomhairle Eorpach i gCóbanhávan i Meitheamh 1993 ('critéir Chóbanhávan') agus ar choinníoll go mbeidh ar chumas an Aontais an comhalta nua a lánpháirtiú. Baineann critéir Chóbanhávan le cobhsaíocht na n-institiúidí ina ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar na mionlaigh agus cosaint na mionlach, agus geilleagar margaidh atá feidhmiúil, chomh maith leis an acmhainn chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas, agus an acmhainn na cearta agus na hoibleagáidí faoi na Conarthaí a ghlacadh, lena n-áirítear cloí le haidhmeanna an aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

(4) Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe agus ar choinníollacht dhian. Déantar gach tairbhí a mheasúnú ar bhonn a fhiúntas féin. Is é is aidhm leis an measúnú ar an dul chun cinn atá bainte amach, agus aon easnamh a shainaithint, dreasachtaí agus treoir a chur ar fáil do thairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I chun tabhairt faoi na hathchóirithe forleithne. Le gur féidir méadú a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go gcloífí go docht leis an ngealltanas maidir le 'bunphrionsabail i dtoscach'[10]. Tá an ghluaiseacht i dtreo an aontachais ag brath ar a mhéid a urramaíonn gach iarrthóir luachanna an Aontais agus a mhéid is féidir leo na hathchóirithe riachtanacha a ghabháil ar láimh d'fhonn a chórais pholaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin agus eacnamaíocha a chur ar chomhréim le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais.

(5) Infheistíocht sa tsíocháin, sa tslándáil agus sa chobhsaíocht san Eoraip is ea beartas an Aontais um méadú ***agus cuireann sé ar chumas an Aontais a bheith ullamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda*****.** ***Chomh maith leis sin,*** cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a rachaidh chun sochair fhrithpháirteach don Aontas agus do na stáit ar mian leo teacht isteach san Aontas. Tá tionchar cumhachtach claochlaitheach ar stát nuair a thuigtear dó go mbainfear ballraíocht den Aontas amach, rud a chuireann athruithe dearfacha daonlathacha, polaitiúla, eacnamaíocha agus sochaíocha i bhfeidhm.

***(5a) Is rogha é glacadh agus cloí le bunluachanna na hEorpa , agus tá sé riachtanach do gach páirtí atá ag tnúth le ballraíocht an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin, tá an tAontas ag súil go nglacfaidh páirtithe úinéireacht iomlán ar luachanna na hEorpa agus go gcloífidh siad leo agus le saothrú bríomhar na n-athchóirithe riachtanacha ar mhaithe le leas a muintire. Áirítear leis sin ailíniú forásach le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, go háirithe i dtaobh saincheisteanna ina bhfuil comhleasanna móra i dtreis, amhail bearta sriantacha agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha.***

---

[10] Cruthaítear nasc leis an gcur chuige maidir le 'bunphrionsabail i dtosach' idir an smacht reachta agus cearta bunúsacha agus an dá réimse ríthábhachtacha eile lena gcumhdaítear an próiseas um méadú: rialachas eacnamaíoch – fócas neartaithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar iomaíochas feabhsaithe – agus institiúidí daonlathacha a neartú agus athchóiriú ar an riarachán poiblí. Tá gach ceann de na trí bhunphrionsabal ríthabhachtach don phróiseas athchóirithe sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí agus tugtar aghaidh leo ar ábhair mhóra imní na saoránach.

(6) Ina Theachtaireacht, '*Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe AE leis na Balcáin Thiar'*, d'athdheimhnigh an Coimisiún Eorpach go raibh seans láidir ann, ar bhonn fiúntais, go mbeadh na Balcáin Thiar in ann a bheith ina mBall den Aontas Eorpach, , [11]. Teachtaireacht láidir spreagúil do na Balcáin Thiar ar fad is ea é agus is léiriú é ar ghealltanas an Aontais Eorpaigh don todhchaí Eorpach seo acu.

***(6a) D'athdheimhnigh an tAontas Eorpach gona Bhallstáit, i nDearbhú Shóifia agus i gclár oibre tosaíochtaí Shóifia don Aontas Eorpach agus do na Balcáin Thiar, an tacaíocht dheimhin dhearfa atá acu do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar mar aon lena ngealltanas borradh a chur faoin bhforbairt i mbeatha na saoránach i réimse na nascachta agus i réimse na slándála, ag tarraingt dó ar ghnéithe ábhartha den Teachtaireacht a glacadh ar an 6 Feabhra 2018 ón gCoimisiún. Ba cheart aon ghníomhaíocht faoin Rialachán seo a bheith ina cuidiú chun tacú le cur chun feidhme na ngealltanas sin.***

***(6b) Dheonaigh an Chomhairle Eorpach an stádas mar thír is iarrthóir don Albáin, don Íoslainn[12], do Mhontainéagró, do <u>Phoblacht na</u> Macadóine Thuaidh, don tSeirbia agus don Tuirc. Tá peirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar daingnithe aici. Gan dochar do sheasaimh maidir le stádas nó d'aon chinneadh a bheidh le déanamh ag an gComhairle Eorpach nó ag an gComhairle amach anseo, iad siúd a thairbhíonn den pheirspictíocht Eorpach sin gan stádas tír is iarrthóir a bheith deonaithe orthu, féadfar iad a mheas mar iarrthóirí ionchasacha chun críche an Rialacháin seo amháin.***

[11] COM(2018) 65 final ar fáil ag https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-credible-enlargement-perspective-western-balkans_.pdf

[12] ***I mí an Mhárta 2015, d'iarr rialtas na hÍoslainne ar an Aontas gan an Íoslainn a mheas mar thír is iarrthóir, gan, áfach, iarratas na hÍoslainne ar bhallaíocht a tharraingt siar go hoifigiúil.***

(7) Ba cheart cúnamh a sholáthar freisin i gcomhlíonadh na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ba cheart an cúnamh sin a dhíriú go príomha ar chúnamh a thabhairt do na 'tairbhithe' a liostaítear in Iarscríbhinn I chun institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, cearta bunúsacha agus comhionannas inscne a urramú, caoinfhulaingt, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ba cheart freisin tacaíocht a thabhairt, leis an gcúnamh sin, do na prionsabail agus do na cearta ríthábhachtacha arna sainiú i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta.[13]

***(7a)*** ***Toisc gur gnéithe riachtanacha de phróiseas an mhéadaithe iad an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach***, [...]ba cheart, ***freisin*** leis an gcúnamh, leanúint de thacaíocht a thabhairt [...] do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag ***na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I*** chun an comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann chomh maith leis an bhforbairt chríochach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Ina theannta sin, ba cheart, leis an gcúnamh sin, feabhas a chur ar a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus ar a rialachas eacnamaíoch, atá ina mbonn taca do chlár oibre maidir leis an bhfás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach trí fhorbairt réigiúnach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, beartais shóisialta agus fostaíochta **,** [...] forbairt an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití a chur chun feidhme, ***agus an taighde agus an nuálaíocht a neartú***, ***i gcomhthéacs an*** tionscnaimh suaitheanta darb ainm an Clár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar.

***(7b)*** ***Ba cheart béim ar leith a leagan ar dheiseanna breise a chruthú don óige, lena n-áirítear ghairmithe óga, agus á áirithiú, ag an am céanna, go rannchuideodh an méid sin le forbairt shocheacnamaíoch na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ba cheart é a bheith mar aidhm freisin le cúnamh faoin Rialachán seo dul i ngleic le himirce daoine oilte.***

(8) Ba cheart don Aontas tacú leis an trasdul i dtreo an aontachais ar mhaithe le leas na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, bunaithe ar an taithí atá ag na Ballstáit. Ba cheart don chomhar seo díriú go háirithe ar an taithí atá faighte ag na Ballstáit sa phróiseas athchóirithe a roinnt.

---

[13] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta arna fhógairt go solúnta ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Göteborg do phoist chóra agus d'fhás, Göteborg, an 17 Samhain 2017.

( [...] ***8a***) Na príomhdhúshláin atá ann don chuid is mó de na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I an smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, a neartú agus an dea-rialachas a neartú, lena n-áirítear an riarachán poiblí a athchóiriú, agus tá sin bunriachtanach chun go ndruidfeadh tairbhithe i dtreo an Aontais agus chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht an Aontais a ghlacadh chucu féin ina n-iomláine dá éis sin. I bhfianaise go mbeidh na hathchóirithe atá le baint amach sna réimsí sin níos fadtéarmaí agus i bhfianaise an ghá atá le cuntais teiste a fhorbairt, ba cheart don chúnamh airgeadais faoin Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na ceanglais a chuirtear ar na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I sa réimse sin a luaithe is féidir.

( [...] ***8b***) I gcomhréir le prionsabal an daonlathais rannpháirtigh, ba cheart don Choimisiún formhaoirsiú parlaiminteach a spreagadh i ngach tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

(9) Is ríthábhachtach go mbeidh comhar straitéiseach agus oibríochtúil ann idir an tAontas agus na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir le slándáil chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála agus sceimhlitheoireachta go héifeachtach agus go héifeachtúil.

(10) Is den ríthábhacht é dlús a chur leis an gcomhar ***idirnáisiúnta agus réigiúnach*** um imirce, lena n-áirítear ***tuilleadh comhdhlúthaithe*** a dhéanamh ar ***acmhainneachtaí*** bainistithe do theorainneacha ***agus don imirce***, lena n-áirithítear rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, faisnéis ábhartha a chomhroinnt, [...] rialú teorann a fheabhsú agus leanúint dár n-iarrachtaí [...] chun an imirce ***neamhdhleathach***, an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil na n-imirceach ***a chomhrac***.

***(10a) Ba cheart acmhainneachtaí cumarsáide na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a fheabhsú d'fhonn a áirithiú go mbeidh tacaíocht phoiblí agus tuiscint ar luachanna an Aontais, agus ar na tairbhí agus na hoibleagáidí a bhaineann le ballaíocht ionchasach san Aontas, agus aghaidh á tabhairt ar bhréagaisnéis ag an am céanna.***

(13) Is gá do na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith ullmhaithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda, amhail an fhorbairt inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide, agus iad féin a ailíniú le hiarrachtaí an Aontais chun tabhairt faoi na saincheisteanna sin. Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é gur cheart don Chlár seo rannchuidiú chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice foriomláine **[**25 %**]** de chaiteachais bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go gcaithfear ***[...]*** ***[***16 %**]**[14] d'imchlúdach airgeadais foriomlán an Chláir ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus cur chun feidhme an Chláir agus ba cheart an rannchuidiú foriomlán ón gClár seo a bheith ina chuid de mheastóireachtaí agus próisis athbhreithnithe ábhartha.

(14) Aon ghníomhaíocht faoin Ionstraim seo, ba cheart di tacú le cur chun feidhme Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, mar chlár oibre uilíoch, a bhfuil gealltanas daingean tugtha ag an Aontas Eorpach agus ag chuid Ballstát ina leith agus a ndearna na tairbhithe ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn I a fhormhuiniú.

(15) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais dá thréimhse chur chun feidhme arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí [tagairt le nuashonrú de réir mar is iomchuí de réir an chomhaontaithe nua idirinstitiúideach: pointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[15]], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

---

[14] ***Déanfar tuilleadh plé ar an sprioc sin i gcomhthéacs Rialachán IPA III, ag brath ar an toradh a bheidh ar phlé cothrománach CAI maidir leis na cuspóirí foriomlána aeráide.***

[15] Tagairt le nuashonrú: IO L 373, 20.12.2013, lch. 1. Tá an comhaontú ar fáil ag http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2013.373.01.0001.01.ENG&toc=OJ:C:2013:373:TOC

(16) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhlíonadh, comhchuibheas, agus comhlántacht a gcúnaimh a áirithiú, go háirithe trí chomhairliúcháin rialta agus trí mhalartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cúnaimh. Ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun comhordú agus comhlántacht níos fearr a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin rialta, le deontóirí eile. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit an comhar ar an leibhéal áitiúil a fheabhsú freisin, lena n-áiritheofaí go mbeadh rannpháirtíocht eolasach ag na Ballstáit le linn na bpróiseas clársceidealaithe agus go mbeidís in ann a ról i gCoiste IPA a fheidhmiú níos fearr.*** Ba cheart an ról atá ag an tsochaí shibhialta a fheabhsú sna cláir a chuirfear chun feidhme trí chomhlachtaí rialtais agus mar thairbhí díreach den chúnamh ón Aontas.

(17) Na tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta chun cuspóirí sna réimsí ábhartha beartais a bhaint amach, a dtacófar leo faoin Rialachán seo, ba cheart iad a shainiú i gcreat clársceideálaithe a bhunóidh an Coimisiún do ré Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027, i gcomhpháirt leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, bunaithe ar an ***gcreat bheartais*** [...] um méadú ***arna shainiú ag an gComhairle Eorpach agus ag an gComhairle agus ar*** [...] riachtanais shonracha ***na dtairbhithe***, i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shainítear sa Rialachán seo, agus aird chuí á tabhairt ar na straitéisí ábhartha náisiúnta. Ba cheart don chreat clársceideálaithe na réimsí a dtabharfar tacaíocht dóibh a shainaithint trí leithdháileadh táscach a thabhairt mar chúnamh in aghaidh na réimse tacaíochta, lena n-áirítear meastúchán maidir leis na speansais a bhaineann leis an aeráid.

(18) Is é leas an Aontais é cuidiú leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ina n-iarrachtaí maidir le hathchóiriú chun ballraíocht Aontais a bhaint amach. Ba cheart cúnamh a bhainistiú le fócas láidir ar thorthaí ***agus ba cheart é a dhifreáil ó thaobh raon feidhme agus déine de i gcomhréir le feidhmíocht na dtairbhithe, lena n-áirítear trína dtiomantas agus trína ndul chun cinn a spreagadh maidir le hathchóirithe a chur chun feidhme, go háirithe sna réimsí seo a leanas: an smacht reachta agus cearta bunúsacha, institiúidí daonlathacha a neartú agus athchóiriú ar an riarachán poiblí, chomh maith le forbairt eacnamaíoch agus iomaíochas*** [...] . ***Mar an gcéanna, ba cheart, leis an gcúnamh, intuarthacht agus cothromaíocht a áirithiú idir na tairbhithe, agus aird á tabhairt ar a gcás, a riachtanais agus a n-acmhainneachtaí ar leith, maille le tacaíocht a chur ar fáil faoi na hionstraimí a bhí ann roimhe.***

***(18a) I gcás ina dtugtar ar aird, ar bhonn táscairí ábhartha, go bhfuil cúlchéimniú suntasach nó easpa sheasmhach dul chun cinn ann i gcás tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I sna réimsí a chumhdaítear leis an gcur chuige dá ngairtear "bunphrionsabail i dtosach", ba cheart raon feidhme agus déine an chúnaimh a mhodhnú dá réir, gan dochar do chumhachtaí na Comhairle bearta sriantacha a ghlacadh tar éis cinneadh maidir leis an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír amháin nó níos mó a bhriseadh nó a laghdú, i bpáirt nó go hiomlán, i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE agus gan dochar do chumhacht an Choimisiúin íocaíochtaí a chur ar fionraí nó comhaontuithe maoiniúcháin a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.***

***(18b) Chun go bhféadfaidh na Ballstáit treoir straitéiseach leordhóthanach a chur ar fáil i gCoiste IPA, ba cheart don Choimisiún creat clársceidealaithe IPA a mheasúnú gach bliain, agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar tugadh faoin gcur chuige feidhmíochta agus faoin gcur chuige cion chothroim agus feidhmíochta. Ba cheart staid na himeartha a léiriú sa mheasúnú sin freisin maidir le leibhéal an chistithe do gach cuspóir agus do gach tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ina theannta sin, leis an measúnú, ba cheart faisnéis leordhóthanach a bheith ag Coiste IPA agus ba cheart treoir a thabhairt ann maidir le raon feidhme agus déine an chúnaimh a mhodhnú.***

(19) An trasdul ó bhainistiú díreach na gcistí réamhaontachais arna dhéanamh ag an gCoimisiún go bainistiú indíreach arna dhéanamh ag na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, ba cheart dó a bheith forásach agus i gcomhréir le cumas na dtairbhithe sin faoi seach. ***Ba cheart é a fhreaschur i réimsí áirithe beartais nó cláir i gcás ina bhfuil ag teip ar thairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I oibleagáidí ábhartha a chomhlíonadh agus cistí de chuid an Aontais a riar i gcomhréir leis na rialacha, leis na prionsabail agus leis na cuspóirí atá bunaithe.*** Ba cheart, leis an gcúnamh, leanúint d'úsáid a bhaint as na struchtúir agus as na hionstraimí a chruthaigh go raibh fiúntas leo sa phróiseas réamhaontachais.

(20) Ba cheart don Aontas féachaint leis an úsáid is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil d'fhonn an tionchar is fearr is féidir a bheith ar a ghníomhaíocht sheachtrach. Ba cheart é sin a bhaint amach trí chomhtháthú agus comhlántacht idir ionstraimí maoiniúcháin seachtracha an Aontais, chomh maith le sineirgíochtaí a chruthú idir beartais agus cláir eile de chuid an Aontais***, amhail Fís Eorpach, Erasmus, Eoraip na Cruthaitheachta nó an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa***. Áirítear ar an méid sin, i gcás inarb iomchuí, comhtháthú agus comhlántacht maidir le chúnamh macra-airgeadais.

(21) Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag na hidirghabhálacha le chéile chun cuspóir comhchoiteann a ghnóthú, ba cheart an Rialachán seo a bheith in ann rannchuidiú le gníomhaíochtaí faoi chláir eile de chuid an Aontais, a fhad agus nach gcumhdóidh na ranníocaíochtaí na costais chéanna.

(22) Ba cheart cistiúchán ón Rialachán seo a úsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoi ghnéithe idirnáisiúnta Erasmus, ar cheart dá gcur chun feidhme a bheith i gcomhréir le Rialachán Erasmus[16].

---

16 Rialachán Nua Erasmus

(23) Ba cheart feidhm maidir leis an Rialachán seo a bheith ag rialacha airgeadais cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leagtar síos na rialacha sin leis an Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, trí sholáthar, trí dhuaiseanna, trí chur chun feidhme indíreach, trí chúnamh airgeadais, trí thacaíocht bhuiséadach, trí chistí iontaobhais, trí ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha, agus déantar foráil iontu i gcomhair seiceálacha ar fhreagracht ghníomhaithe airgeadais. **[**Baineann na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnamh ginearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit agus i dtríú tíortha, toisc go bhfuil an urraim don smacht reachta ina réamhchoinníoll riachtanach don bhainistíocht fhónta airgeadais agus do chistiú éifeachtach AE.**]**

(24) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, costas aonaid, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais a bheith san áireamh anseo.

(25) Ba cheart don Aontas leanúint de ag cur rialacha coiteanna i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí seacahtracha. Leagfar síos rialacha agus nósanna imeachta coiteanna maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach a mhaoiniú i Rialachán (AE) Uimh. [NDICI] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart forálacha mionsonraithe breise a leagan síos chun tabhairt faoi na cásanna sonracha go háirithe le haghaidh comhar trasteorann, talmhaíocht agus an réimse beartais a bhaineann le forbairt tuaithe.

(26) Is minic a chuirtear gníomhaíochtaí seachtracha chun feidhme i dtimpeallacht an-ghuagach lenar gá oiriúnú leanúnach tapa do riachtanais chomhpháirtithe an Aontais atá ag teacht chun cinn agus do dhúshláin dhomhanda amhail cearta daonna, an daonlathas agus an dea-rialachas, an tslándáil agus an chobhsaíocht, athrú aeráide agus an comhshaol, agus imirce mhídhleathach agus na bunchúiseanna léi. D'fhonn cloí le prionsabal na hintuarthachta agus fós féin a bheith in ann freagairt go mear do riachtanais nua, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú. Chun cur le cumas an Aontais freagairt do riachtanais neamhthuartha, agus urraim á tabhairt don phrionsabal go leagtar amach buiséad an Aontais gach bliain, ba cheart an deis a fhorchoimeád sa Rialachán seo chun an tsolúbthacht a chur i bhfeidhm, lenar féidir leis an Rialachán Airgeadais a chur i bhfeidhm maidir le beartais eile cheana féin, mar atá cistí a thabhairt anonn agus a athghealladh cistí a gealladh roimhe, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistí an Aontais le haghaidh shaoránaigh an Aontais agus na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I araon, agus chun an leas is mó is féidir a bhaint as cistí an Aontais Eorpaigh, dá réir sin, le haghaidh idirghabhálacha ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh.

(27) Agus é ag cur leis an gciste a tháinig roimhe, ba cheart gurb é a bheadh sa Chiste Eorpach nua um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI+) pacáiste airgeadais comhtháite, lena dtugtar acmhainneacht mhaoiniúcháin i bhfoirm deontas, ráthaíochtaí buiséadacha agus ionstraimí airgeadais eile ar fud an domhain, lena n-airítear do na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ba cheart do Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar leanúint den rialachas le haghaidh na n-oibríochtaí a dhéantar faoin Rialachán seo [...] a áirithiú.

(28) Ba cheart don Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha tacú le hoibríochtaí CEFI+**,** agus ba cheart do IPA III rannchuidiú le soláthar do riachtanais i ndáil le hoibríochtaí a rachaidh chun sochair do thairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear an soláthar agus na dliteanais a eascraíonn as iasachtaí cúnaimh mhacra-airgeadais.**]**

(29) Is tábhachtach a áirithiú go ndéantar cláir comhair trasteorann a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcreat arna bhunú sna cláir gníomhaíochtaí seachtracha agus sa rialachán maidir le comhar críochach. Ba cheart forálacha comhmhaoinithe sonracha a leagan síos sa Rialachán seo.

(30) Is ionann cláir oibre faoin Rialachán Airgeadais agus pleananna gníomhaíochta bliantúla agus ilbhliantúla agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 8. Is é atá i gceist le pleananna gníomhaíochta bliantúla agus ilbhliantúla sraith de bhearta a chuirtear le chéile in aon doiciméad.

(31) I gcomhréir le ***Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle***[17] (an "Rialachán Airgeadais"), Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[19], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[20] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[21], déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, ***lena n-áirítear*** [...] calaois, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus ciontaí coiriúla eile a fhiosrú a mbíonn éifeacht acu ar leasa airgeadais**,** [...] ***an Aontais*** dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. I

---

**17** ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO. L 193, 30.7.2018, lch. 1).***

**18** Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

**19** Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

**20** Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.96, [...]lch. 2).

**21** Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, [...] lch. 1).

**22** Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE ***i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939*** agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, ba cheart dóibh na mírialtachtaí a thuairisciú gan mhoill don Choimisiún, lena n-áirítear calaois arb iad ab ábhar do thorthaí príomha riaracháin nó torthaí breithiúnacha, agus an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn nós imeachta riaracháin nó dlí. Ba cheart an tuairisciú sin a dhéanamh go leictreonach, agus é mar chuspóir an tuairisiciú a chur i gcomhréir le dea-chleachtais sna Ballstáit, tríd an gCóras Bainistíochta Mírialtachtaí a úsáid arna bhunú ag an gCoimisiún.

(32) […]

(33) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo go háirithe maidir le coinníollacha sonracha agus struchtúir shonracha le haghaidh bainistíocht indíreach leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus maidir le cur chun feidhme cúnamh forbartha tuaithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[23] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Agus na coinníollacha aonfhoirmeacha á mbunú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhainistiú agus ó chur chun feidhme an chúnaimh réamhaontachais roimhe sin a chur san áireamh. Ba cheart na coinníollacha aonfhoirmeacha sin a leasú más gá.

(34) Ba cheart don choiste a bhunófar faoin Rialachán seo a bheith inniúil freisin i leith gníomhartha dlí agus ghealltanais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006[24], faoi Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 agus i leith chur chun feidhme Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh 389/2006 ón gComhairle[25].

(35) Chun gur féidir na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go prapúil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an ***[…]*** [[...] fichiú] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[23] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO 55, 28.2.2011, lch. 13).

[24] Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), (IO L 210, 31.7.2006, lch. 82).

[25] Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch chomhphobal na gCipireach Turcach a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (IO L 65, 7.3.2006, lch. 5).

## *CAIBIDIL I*

## *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

### *Airteagal 1*

### *Ábhar*

Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár 'Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais' ('IPA III').

Leagtar síos leis a chuspóirí, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cúnaimh ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcúnamh sin a sholáthar.

### *Airteagal 2*

### *Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá ***feidhm*** ag an sainmhíniú seo a leanas[...][...]:

ciallaíonn 'comhar trasteorann' comhar idir na ***B***allstáit [...] agus na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ***mar a thagraítear dó i bpointe (b) d'Airteagal 3 (1) de [Rialachán ETC]***[26]***]***, idir dhá thairbhí nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn I nó idir tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus tíortha agus críocha a liostaítear in Iarscríbhinn I de [Rialachán NDICI] [...].

[26] COM(2018) 374 final - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh

Airteagal 3

*Cuspóirí IPA III*

1. Is é an aidhm a bheidh leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais ('IPA III') tacú leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhithe sin, cloí le luachanna an Aontais agus chun iad féin a chur i gcomhréir de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d'fhonn ballraíocht a ghlacadh ***amach anseo*** san Aontas, agus trína bhíthin sin cur lena gcobhsaíocht, lena slándáil agus lena rathúnas.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag gabháil le IPA III:

   (a) Neart a chur leis ann smacht reachta, mar aon leis an daonlathas[...] ***agus*** le hurramú chearta an duine[...] ***agus*** na ***saoirsí*** bunúsacha; ***áirítear leis sin go háirithe tacaíocht don athchóiriú breithiúnach,*** don tslándáil ***atreisithe agus don chomhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, comhlíonadh an dlí náisiúnta, timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta, na cearta atá ag daoine ar de mhionlaigh iad a urramú agus comhionannas inscne*** a chur chun cinn maille le ***tacaíocht chun*** bainistiú imirce a fheabhsú lena n-áirítear bainistiú teorann agus ***imirce neamhdhleathach a chomhrac***;

   (b) Éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú agus tacú le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal;

   (c) Rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a mhúnlú i gcomhréir leo siúd de chuid an Aontais agus ***comhar réigiúnach,*** athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta a atreisiú, chomh maith le teagmhálacha agus cumarsáid ***straitéiseach*** idir daoine;

   (d) Forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a neartú ***agus aird faoi leith a bheith ar an óige*** lena n-áirítear trí idirnascacht mhéadaithe ***ina gnéithe ar fad*** agus forbairt réigiúnach, forbairt talmhaíochta agus tuaithe agus beartais shóisialta agus fostaíochta, chun cosaint an chomhshaoil a threisiú, buanseasmhacht a mhéadú in aghaidh an athraithe aeráide, dlús a chur leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin agus an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt[...] ***;***

(e) Tacú leis an g***comhar críochach, lena n-áirítear*** [...] comhar trasteorann, ***trasnáisiúnta, muirí agus idir-réigiúnach***.

3. I gcomhréir leis na cuspóirí sonracha, leagtar amach in Iarscríbhinn II tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnamh a thabhairt de réir riachtanas agus cumais na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Leagtar amach in Iarscríbhinn III tosaíochtaí téamacha le haghaidh comhar trasteorann idir tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Féadfaidh gach ceann de na tosaíochtaí sin rannchuidiú le níos mó ná cuspóir sonrach amháin a bhaint amach.

Airteagal [...] **3a**

*Forálacha traschláir*

1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheofar go mbeidh comhleanúnachas, sineirgíochtaí agus comhlántachtaí ann ó thaobh réimsí eile gníomhaíochta de chuid an Aontais de agus ó thaobh beartais agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais de agus go mbeidh comhsheasmhacht beartas ann ó thaobh forbartha de.

2. Beidh feidhm ag [Rialachán NDICI] maidir le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo i gcás ina dtagraítear dó sa Rialachán seo.

3. Rannchuideoidh IPA III le gníomhaíochtaí arna mbunú faoi Rialachán [(Erasmus[27]]. Beidh feidhm ag [Rialachán (AE) Erasmus] maidir le húsáid na gcistí sin. Chuige sin, cuirfear rannchuidiú IPA III san áireamh sa doiciméad clársceideálaithe táscach aonair dá dtagraítear i mír 7 d'Airteagal 11 de [Rialachán NDICI] agus arna ghlacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos sa Rialachán sin. ***Beidh íosmhéid táscach sa doiciméad clársceideálaithe sin, a dháilfear ar ghníomhaíochtaí arna mbunú faoi Rialachán [Erasmus].***

[27] COM (2018) 367 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear 'Erasmus': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

4. Féadfar cúnamh faoi IPA III a thabhairt freisin do na cineálacha gníomhaíochta dá bhforáiltear faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe[28], faoi Chiste Sóisialta na hEorpa +[29] agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe[30].

5. Tabharfaidh [CFRE][31] ranníocaíocht do chláir nó do bhearta a bhunófar faoin Rialachán seo le haghaidh comhar trasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit. Glacfaidh an Coimisiún na cláir agus na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal 16. Cinnfear méid na ranníocaíochta ó ***Chomhar Trasteorann*** de chuid IPA [...] de bhun Airteagal 10(3) de [Rialachán ETC]. Bainisteofar cláir IPA-Comhar Trasteorann i gcomhréir le [Rialachán ETC].

6. Féadfaidh IPA III rannchuidiú le cláir nó bearta maidir le comhar trasnáisiúnta nó idir-réigiúnach a bhunófar agus a chuirfear chun feidhme faoi [Rialachán ETC]***, agus aird á tabhairt, i gcás inarb infheidhme, ar straitéisí macrairéigiúnacha nó ar straitéisí imchuach farraige,*** agus a nglacfaidh na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I páirt ann.

7. I gcás inarb iomchuí, is féidir cláir eile de chuid an Aontais a úsáid chun cur le gníomhaíochtaí a cuireadh ar bun leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 8, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Chomh maith leis sin, is féidir an Rialachán seo a úsáid chun cur le bearta a cuireadh ar bun faoi chláir eile de chuid an Aontais, ar acht nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Sna cásanna sin, beidh sé leagtha síos sa chlár oibre lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí sin cén tacar rialacha is infheidhme.

---

[28] COM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

[29] COM(2018) 382 final Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa + (ESF+)

[30] COM(2018) 392 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[31] COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

8. I gcúinsí a bhfuil bonn cirt cuí leo agus d'fhonn comhchuibheas agus éifeachtacht mhaoiniú an Aontais a áirithiú nó comhar réigiúnach a chothú, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ar incháilitheacht na gclár agus na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a leathnú chuig tíortha, críocha agus réigiúin ***nárbh incháilithe do mhaoiniú ar shlí eile de bhun Airteagal 3(1)*** [...], i gcás ina mbeidh an clár nó an beart a bheidh le cur chun feidhme de chineál domhanda, réigiúnach nó trasteorann.

*Airteagal [...]* ***3b***

*Buiséad*

1. Is é **[**EUR 14 500 000 000 i bpraghsanna reatha**]** a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme IPA III don tréimhse 2021 – 2027.

2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh [...] ***bearta tacaíochta maoiniúcháin*** chun an Clár a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais chorparáideacha teicneolaíochta faisnéise ***i gcomhréir le hAirteagal 20 de [Rialachán NDICI].***[...] .

## CAIBIDIL II

### *PLEANÁIL STRAITÉISEACH*

### *Airteagal 6*

*Creat beartais agus prionsabail ghinearálta*

1. ***Tabharfar cúnamh faoin Rialachán seo i gcomhréir leis an*** [...]gcreat beartais um méadú ***arna*** shainiú ag an gComhairle Eorpach agus ag an gComhairle, na comhaontuithe lena leagtar síos caidreamh atá ceangailteach de réir dlí leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, ***agus tabharfar aird chuí ar*** [...] rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa, teachtaireachtaí ón gCoimisiún nó Teachtaireachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála [...]. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhleanúnachas idir an cúnamh agus an creat beartais um méadú.

2. Déanfaidh na cláir agus na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo, ***le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3, na tosaíochtaí cothrománacha seo a leanas*** a phríomhshruthú: an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil agus an chomhionannais inscne, agus tabharfar aghaidh ar idirnaisc, i gcás inarb infheidhme, idir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[32], chun gníomhaíochtaí comhtháite a chur chun cinn lenar féidir comhthairbhí a chruthú agus ilchuspóirí a bhaint amach ar bhealach comhleanúnach.

***2a. Cuirfidh an Coimisiún le cur chun feidhme gealltanas de chuid an Aontais, i gcomhar leis na Ballstáit, i dtreo na trédhearcachta agus na cuntasachta feabhsaithe agus cúnamh á sheachadadh, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chur ar fáil i dtaca le méid agus leithdháileadh an chúnaimh trí bhunachair sonraí gréasánbhunaithe, lena n-áiritheofar go mbeidh sonraí inchomparáide agus nach mbeidh deacrachtaí ann maidir le rochtain a fháil orthu, lena roinnt ná lena bhfoilsiú.***

[32] https://ec.europa.eu/europeaid/policies/sustainable-development-goals_en

3. Comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun comhsheasmhacht a áirithiú agus féachfaidh siad le dúbailt a sheachaint idir an cúnamh a thugtar faoi IPA III agus cúnamh eile a thugann an tAontas, na Ballstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta, ***(EIB*)**, i gcomhréir le prionsabail bhunaithe le haghaidh comhar oibríochtúil a neartú i réimse an chúnaimh sheachtraigh, ***lena n-áirítear trí comhordú feabhsaithe leis na Ballstáit ar an leibhéal áitiúil*,** agus le haghaidh beartais agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú, go háirithe na prionsabail idirnáisiúnta maidir le éifeachtúlacht na forbartha[33]. Is éard a bheidh i gceist le comhordú**,** ar céim thábhachtach a é sna próisis chlársceidealaithe[...], comhairliúcháin rialta ***thráthúla*,** malartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla thimthriall an chúnaimh agus cruinnithe cuimsitheacha darb aidhm an cúnamh a chomhordú**,** ***lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil***.

***3a. I gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta cuimsithí, i gcás inarb iomchuí, áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle go hiomchuí le páirtithe leasmhara ábhartha na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1, lena n-áirítear eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus go mbeidh rochtain thapa acu ar fhaisnéis ábhartha ionas gur féidir leo ról fóntach a bheith acu le linn cheapadh agus chur chun feidhme na gclár agus le linn na bpróiseas gaolmhar faireacháin.***

4. Glacfaidh an Coimisiún na céimeanna is gá, i gcomhar leis na Ballstáit, chun comhordú agus comhlántacht le heagraíochtaí agus le heintitis réigiúnacha a áirithiú, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí airgeadais, gníomhairí agus deontóirí neamh-Aontais.

[33] https://ec.europa.eu/europeaid/policies/eu-approach-aid-effectiveness_en

*CAIBIDIL III*

*CUR CHUN FEIDHME*

*Airteagal 7*

*Creat clársceidealaithe IPA*

1. Beidh an cúnamh faoi IPA III bunaithe ar chreat clársceidealaithe IPA le haghaidh na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3***(2)*** a thabhairt i gcrích ***agus na tosaíochtaí téamacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III***. Is é an Coimisiún a bhunóidh an creat clársceidealaithe IPA don tréimhse a bhaineann le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais.

2. ***Ceapfar creat clársceidealaithe IPA i gcomhréir leis an gcreat beartais agus na prionsabail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 6 agus*** déanfar na straitéisí ábhartha náisiúnta a chur san áireamh go cuí iontu.

***2a. Áireofar ar an gcreat clársceidealaithe IPA leithdháileadh táscach chistí an Aontais de réir cuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2), de réir mar is infheidhme, agus iad miondealaithe de réir bliana agus beifear in ann aghaidh a thabhairt leo ar riachtanais a bheidh ag teacht chun cinn, gan dochar don deis cúnamh a chumasc chun cuspóirí sonracha éagsúla a bhaint amach.***

[…]

[...] ***2b.*** Áireofar ar an gcreat clársceidealaithe IPA táscairí le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gnóthú ***na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo***, [...] arna socrú[...] ***i gcomhréir leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2)***. ***Beidh na táscairí sin i gcomhréir leis na táscairí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV.***

3. ***2c.*** Gan dochar do mhír 4, déanfaidh an Coimisiún an creat clársceideálaithe IPA a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le nós imeachta scrúdúcháin an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 16.

***2d. Déanfaidh an Coimisiún measúnú bliantúil ar chur chun feidhme chreat clársceideálaithe IPA i bhfianaise fhorbairt an chreata bheartais dá dtagraítear in Airteagal 6 agus bunaithe ar na táscairí dá dtagraítear i mír 2b. Áireofar sa mheasúnú sin freisin staid na himeartha maidir leis na ranníocaíochtaí a tugadh agus atá beartaithe do gach tairbhí agus ar an gcaoi a ndearnadh cur chuige an chion chothroime agus na feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 7a a chur i bhfeidhm. Cuirfear an measúnú sin faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 16.***

***2e. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chreat clársceidealaithe IPA a mholadh, mar is iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2c. Féadfar freisin athbhreithniú a dhéanamh ar chreat clársceidealaithe IPA tar éis na meastóireachta eatramhaí agus féadfar é a leasú mar is iomchuí.***

4. Glacfaidh an Coimisiún an creat clársceidealaithe le haghaidh comhar trasteorann leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de [Rialachán ETC].

***Airteagal 7a***

***Cúnamh do thairbhithe, measúnú feidhmíochta agus cion cothrom***

***1.*** ***Déanfar cúnamh do na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a chinneadh i gcreat na mbeart cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8.***

***2.*** ***Díreofar an cúnamh ar chás sonrach na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus déanfar é a choigeartú do na cásanna sin, agus aird á tabhairt ar na hiarrachtaí breise a mbeidh gá leo chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. Thairis sin, cuirfear riachtanais agus acmhainneachtaí na dtairbhithe sin san áireamh i gcomhréir le prionsabal an chion chothroime d'fhonn leibhéal cúnaimh a bheadh go díréireach íseal i gcomparáid le tairbhithe eile a sheachaint.***

***3.*** ***Le cúnamh, beifear ag féachaint le dul chun cinn a áirithiú sna tairbhithe uile agus déanfar é a dhifreáil ó thaobh raon feidhme agus déine de i gcomhréir le feidhmíocht na dtairbhithe, go háirithe a dtiomantas agus an dul chun cinn atá déanta maidir le hathchóirithe a chur chun feidhme, mar aon lena riachtanais.***

***4.*** ***Agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 agus cinneadh á dhéanamh faoin gcúnamh a chuirfear ar fáil, tabharfar aird ar leith ar na hiarrachtaí atá déanta maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha, institiúidí daonlathacha agus an t-athchóiriú riaracháin phoiblí maille le forbairt eacnamaíoch agus iomaíochas.***

***5.*** ***I gcás ina ndearna tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I cúlchéimniú suntasach nó inar theip go leanúnach ar an tairbhe sin dul chun cinn a dhéanamh de réir mar a thomhsaítear leis na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 7(2b) sna réimsí dá dtagraítear i mír 4, , déanfar raon feidhme agus déine an chúnaimh a mhodhnú dá réir, i gcomhréir le mír 1, lena n-áirítear trí na cistí a laghdú go comhréireach agus iad a atreorú, ar bhealaí nach gcuirfí as don tacaíocht do chearta bunúsacha a fheabhsú, do dhaonlathas agus don smacht reachta, lena n-áirítear tacaíocht don tsochaí shibhialta agus, i gcás inarb iomchuí, do chomhar le húdaráis áitiúla. I gcás ina bhfuil dul chun cinn ann an athuair, déanfar an cúnamh a mhodhnú dá réir freisin i gcomhréir le mír 1 le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na hiarrachtaí sin.***

*Airteagal 8*

*Bearta agus modhanna cur chun feidhme*

1. Cuirfear cúnamh faoi IPA III chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais trí phleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus trí bhearta dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal II de [Rialachán NDICI]. ***Glacfar pleananna gníomhaíochta agus bearta trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16***. Beidh feidhm ag Caibidil III de Theideal II de [Rialachán NDICI] maidir leis an Rialachán seo seachas mír 1 d'Airteagal 24 [daoine incháilithe agus eintitis].

2. Faoin Rialachán seo, féadfar pleananna gníomhaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse nach faide ná seacht mbliana.

*Airteagal 9*

*Comhar trasteorann*

1. Leithdháilfear go táscach suas le 3 % den imchlúdach airgeadais ar chláir chomhair thrasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit, ar aon dul lena gcuid riachtanas agus tosaíochtaí.

2. Ní bheidh ráta cómhaoiniúcháin ar leibhéal gach tosaíochta os cionn [85 %] de chaiteachas incháilithe cláir comhair trasteorann. Is é 100 % a bheidh i ráta cómhaoiniúcháin an Aontais le haghaidh cúnamh teicniúil.

3. I***s 50% de na chéad trí ghealltanas bhuiséadacha den chlár [...] a bheidh sa réamh-mhaoiniú don chomhar trasteorann leis na Ballstáit.***

4. I gcás ina scoirfear de chláir comhair trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 12 de [Rialachán ETC], féadfar aon tacaíocht ón Rialachán seo don chlár ar scoireadh de a bheidh ar fáil fós a úsáid chun aon ghníomhaíochtaí eile a mhaoiniú faoin Rialachán seo.

*CAIBIDIL IV*

*INCHÁILITHEACHT AGUS FORÁLACHA SONRACHA EILE*

*Airteagal 10*

*Incháilitheacht le haghaidh cistiúchán faoi IPA III*

1. [...] ***Beidh an deis páirt a ghlacadh i nósanna imeachta maidir le soláthar, deonú agus dámhachtain deontas le haghaidh gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin Rialachán seo ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus ag na daoine nádúrtha eile ar fad ar náisiúnaigh agus daoine dlítheanacha iad, atá lonnaithe go hiarmhír sna háiteanna seo a leanas:*** :

   (a) na Ballstáit, na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, comhpháirtithe conartha an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus na tíortha faoi chuimsiú Iarscríbhinn I de [Rialachán NDICI], agus

   (b) tíortha a mbunóidh an Coimisiún rochtain chómhalartach ar chúnamh seachtrach ina leith. Féadfar rochtain chómhalartach a dheonú, le haghaidh tréimhse teoranta d'aon bhliain amháin ar a laghad, nuair a dhéanfaidh tír incháilitheacht a dheonú ar choinníollacha comhionanna le heintitis ón Aontas agus ó thíortha incháilithe faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an rochtain chómhalartach tar éis dó dul i gcomhairle leis an tír is faighteoir nó leis na tíortha is faighteoirí lena mbaineann.

*CAIBIDIL V*

***[****CEFI+ AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA*

*Airteagal 11*

*Ionstraimí airgeadais agus ráthaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha*

1. Na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, beidh siad incháilithe maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus maidir leis an Ráthaíocht um Ghníomhaíocht Sheachtrach dá bhforáiltear i gCaibidil IV de Theideal II de [Rialachán NDICI]. Chuige sin, rannchuideoidh IPA III le soláthar a bhaineann leis an ráthaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 26 de [Rialachán NDICI] i gcomhréir leis na hinfheistíochtaí a dhéantar agus a théann chun sochair do thairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I.***]***

*CAIBIDIL VI*

*FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT*

*Airteagal 12*

*Faireachán, iniúchadh, meastóireacht agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais*

1. Beidh feidhm ag [...] [***Airteagal 31 de*** Rialachán NDICI] i ndáil le faireachán[...] ***agus*** tuairisciú [...] maidir leis an Rialachán seo. ***Áireofar freisin sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in [Airteagal 31(5) de Rialachán NDICI] faisnéis ar ghealltanais agus íocaíochtaí in aghaidh ionstraime (IPA, IPA II agus IPA III).***

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar dhul chun cinn [...] IPA III ionsar bhaint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3.

3. I dtaca le comhar trasteorann leis na Ballstáit, is iad na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 33 de [Rialachán ETA] a úsáidfear.

4. Le cois na dtáscairí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, cuirfear na tuairiscí um méadú san áireamh i gcreat torthaí chúnamh IPA III.

***4a. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme airgeadais an Rialacháin seo don choiste dá dtagraítear in Airteagal 16. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil sin:***

***(a) méideanna geallta;***

***(b) méideanna conarthacha;***

***(c) méideanna íoctha;***

***(d) leithdháileadh gealltanas de réir na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3;***

***(e) méideanna conarthacha de réir chineál an tairbhí (mar shampla, gníomhaireachtaí de chuid na mBallstát, institiúidí idirnáisiúnta, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta);***

***(f) méideanna conarthacha de réir ionstraim cur chun feidhme buiséid (mar shampla, deontais, meascadh, tacaíocht bhuiséadach).***

***4b. Beidh faisnéis i dtaca le méid agus leithdháileadh an chúnaimh sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 12 (1) ar fáil i mbunachair sonraí ghréasáinbhunaithe.***

***4c. Beidh feidhm mutatis mutandis ag [Airteagal 32 de Rialachán NDICI] i ndáil leis an meastóireacht eatramhach agus leis an meastóireacht deiridh.***

5. I dteannta Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, faoi bhainistíocht indíreach, déanfaidh tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I aon mhírialtachtaí a thuairisciú lena n-áirítear calaois, arb iad ab ábhar do thorthaí príomha riaracháin nó torthaí breithiúnacha, agus an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn nós imeachta riaracháin nó dlí. Déanfar an tuairisciú sin go leictreonach, tríd an gCóras Bainistíochta Mírialtachtaí a úsáid, arna bhunú ag an gCoimisiún.

*CAIBIDIL VII*

*FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*

*[...]*

*[...]*

[…]

*[...]*

*[...]*

[…]

[…]

*Airteagal 15*

*Rialacha breise cur chun feidhme a ghlacadh*

1. Glacfar rialacha sonracha lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo go háirithe i dtaca leis na struchtúir a bhunófar mar ullmhúchán don aontachas agus i dtaca le cúnamh forbartha tuaithe, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. […]

*Airteagal 16*

*An Coiste*

1. Tabharfaidh coiste ***um an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais*** ('Coiste [...] ***IPA III***') cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí [...]Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 [...].

***1a. Tabharfaidh Coiste IPA III cúnamh don Choimisiún trí threoir straitéiseach a thabhairt chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 a bhaint amach i bhfianaise an mheasúnaithe bhliantúil arna chur ar fáil ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7(2d) agus Airteagal 12(4a).***

***1b. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***

***1c. Déanfar foráil le rialacha nós imeachta Choiste IPA III do theorannacha leordhóthanacha ama lena mbeidh deiseanna luatha tráthúla éifeachtacha ag comhaltaí an choiste scrúdú a dhéanamh ar na dréachtghníomhartha cur chun feidhme, agus a gcuid tuairimí a chur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***

2. I gcás ina mbeidh tuairim an choiste le fáil le nós imeachta i scríbhinn, cuirfear deireadh leis an nós imeachta sin gan toradh nuair a chinnfidh cathaoirleach an choiste amhlaidh, faoi cheann na teorann ama chun tuairim a thabhairt, nó nuair a iarrfaidh tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

3. Glacfaidh breathnóir ó BEI páirt in imeachtaí Choiste ***IPA III*** maidir le ceisteanna a bhaineann le BEI.

4. Tabharfaidh Coiste IPA III cúnamh don Choimisiún agus beidh sé inniúil freisin maidir le gníomhartha dlí agus gealltanais faoi Rialachán (CE) Uimh 1085/2006, faoi Rialachán 231/2014 agus maidir le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh 389/2006 a chur chun feidhme.

5. Ní bheidh Coiste IPA III inniúil le haghaidh na ranníocaíochta le Erasmus + arna sonrú in Airteagal [...] ***3a***(3).

*Airteagal 17*

*Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht*

[…]

***[34] 1. Tabharfaidh faighteoirí de chistiú ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin, go háirithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach, comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.***

***2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an Rialachán seo, lena gníomhaíochtaí agus lena torthaí. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an Rialachán seo, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin go díreach leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.***

***3. De bharr ceisteanna slándála nó íogaireachtaí polaitiúla áitiúla, is féidir gur fearr nó gur gá gníomhaíochtaí cumarsáide agus trédhearcachta a theorannú i dtíortha nó limistéir áirithe nó le linn tréimhsí áirithe. Sna cásanna sin, socrófar cén spriocphobal agus cé na huirlisí, na táirgí agus na cainéil trédhearcachta atá le húsáid chun gníomhaíocht áirithe a chur chun cinn, socrófar sin de réir an cháis, i gcomhairle agus i gcomhaontú leis an Aontas. I gcás ina mbeidh gá le hidirghabháil mhear mar fhreagairt ar ghéarchéim thobann, ní gá plean cumarsáide agus trédhearcachta a chur ar fáil láithreach. Sna cásanna sin, áfach, léireofar go hiomchuí ón tús, mar sin féin, an tacaíocht atá á fáil ón Aontas.]***

---

[34] ***Tá na forálacha sin le hailíniú leis an téacs deiridh in Airteagal 36 agus Airteagal 37 de Rialachán NDICI.***

*Airteagal 18*

*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán 231/2014 [IPA II] agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 [IPA], a mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu. Beidh feidhm ag Caibidil III de Theideal II de [Rialachán NDICI], faoi Rialachán 236/2014 roimhe seo, maidir leis na gníomhaíochtaí sin seachas mír 1 d'Airteagal 24.

2. Féadfaidh an t-imchlúdach airgeadais le haghaidh IPA III na speansais theicniúla agus riaracháin a chumhdach is gá chun an t-aistriú idir IPA III agus na bearta a glacadh faoina réamhtheachtaí, IPA II, a áirithiú, ***chomh maith le haon ghníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhú an chláir a thiocfaidh i gcomharba air le haghaidh cúnamh réamhaontachais***.

3. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad tar éis 2027 chun na speansais dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích a bhainistiú.

*Airteagal 19*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an […] [fichiú] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**<u>Iarscríbhinn I</u>**

an Albáin

an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

an Íoslainn

an Chosaiv*

Montainéagró

an tSeirbia

an Tuirc

[...] ***<u>Poblacht</u>*** na Macadóine***Thuaidh***

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

# IARSCRÍBHINN II

## Tosaíochtaí téamacha don chúnamh

Féadfar cúnamh a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí téamacha seo a leanas, lena n-áirítear trí chomhar réigiúnach:

(a) **Bunú, gan mhoill, *na n-institiúidí daonlathacha agus* na n-institiúidí atá riachtanach chun an smacht reachta a chinntiú agus féachaint chuige go bhfeidhmeoidh siad mar is ceart.** Le hidirghabhálacha sa réimse sin, féachtar le córais bhreithiúnacha atá neamhspleách, ***dípholaitithe,*** cuntasach agus éifeachtúil a chur ar bun, lena n-áirítear earcaíocht thrédhearcach, fhiúntasbhunaithe, agus córais don chomhar breithiúnach, don mheastóireacht agus don ardú céime a chur chun cinn, chomh maith le nósanna imeachta éifeachtacha araíonachta i gcás éagóra, ***rochtain ar an gceartas*** ; [...] ; cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, ***lena n-áirítear comhionannas inscne a chur chun cinn mar aon le cearta an pháiste*** agus na cearta atá ag daoine ar de mhionlaigh iad**,** lena n-áirítear ***mionlaigh náisiúnta,*** na Romaigh, mar aon le daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirinscneacha, ***agus*** cearta bunúsacha [...] ***, lena n-áiritheofar timpeallacht shábháilte ina mbeifí saor chun tuairimí a nochtadh gan bhac agus ina mbeadh neamhspleáchas na meán ann***.

***(aa)*** ***Acmhainneachtaí a neartú chun dul i ngleic le dúshláin imirce. Le hidirghabhálacha sa réimse seo, díreofar ar na haidhmeanna seo a leanas: faisnéis ábhartha a chomhroinnt,*** a áirithiú go mbunófar córais stóinseacha chun na teorainneacha a chosaint, sreabha imirce a bhainistiú agus ***an imirce neamhdhleathach a chomhrac,*** [...] ***chomh maith le cosaint idirnáisiúnta*** a chur ar fáil [...]dóibh siúd***atá ina teideal***;

*(ab)* ***Feabhas a chur ar an gcumas chun slándáil a áirithiú. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha ar na haidhmeanna seo a leanas:*** uirlisí éifeachtacha a fhorbairt chun coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine ***agus ar mhionairm agus airm éadroma,*** smuigleáil imirceach, sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta agus éilliú a chosc agus a throid; ***tacú le rannpháirtíocht atreisithe leis an Aontas maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus maidir leis an radacú.***

*(ac)* ***Acmhainneachtaí cumarsáide straitéisí a mhéadú, lena n-áirítear an pobal a chur ar an eolas faoi na hathchóirithe is gá a dhéanamh chun critéir bhallraíochta an Aontais a chomhlíonadh. Beidh iarrachtaí sa réimse sin dírithe ar mheáin neamhspleácha, iolraíocha agus litearthacht sna meáin a fhorbairt a thuilleadh agus fónfaidh siad, inter alia, mar mheán chun athléimneacht an stáit agus na sochaí a mhéadú i leith na bréagaisnéise agus cineálacha eile bagairtí hibrideacha.***

(b) **Riaracháin phoiblí a athchóiriú i gcomhréir le** ***prionsabail an dea-rialachais, go háirithe*** **Prionsabail an Riaracháin Phoiblí.** Díreoidh idirghabhálacha ar na haidhmeanna seo a leanas: creata athchóirithe riaracháin phoiblí a neartú***, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí***; feabhas a chur ar phleanáil straitéiseach agus ceapadh beartais agus reachtaíochta atá cuimsitheach agus bunaithe ar fhianaise; an tseirbhís phoiblí a dhéanamh níos gairmiúla agus a dhípholaitiú trí phrionsabail atá bunaithe ar fhiúntas a chothú; trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn; cáilíocht agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear nósanna imeachta leordhóthanacha agus r-Rialtas dírithe ar shaoránaigh a úsáid; bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú agus staitisticí iontaofa a tháirgeadh.

(c) ***Caighdeáin an Aontais a bhaint amach sa gheilleagar, lena n-áirítear geilleagar margaidh fheidhmigh, chomh maith le [...]rialachas fioscach agus*** **eacnamaíoch a neartú:** Is é an aidhm a bheidh le hidirghabhálacha tacú le rannpháirtíocht i bpróiseas an chláir choigeartaithe eacnamaíoch agus le comhar córasach le hinstitiúidí airgeadais maidir le bunphrionsabail beartais eacnamaíoch. An acmhainneacht chun cobhsaíocht mhacraeacnamaíoch a fheabhsú agus tacú le dul chun cinn i dtreo geilleagar margaidh lánfheidhmeach a mbeidh sé d'acmhainn aige dul i ngleic le brúnna iomaíochais agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas[...]**.**

*(ca)* ***Dea-chaidreamh comharsanachta, cobhsaíocht réigiúnach agus comhar frithpháirteach a neartú, lena n-áirítear trí líonrú idir daoine a chur chun cinn agus tacú le tionscnaimh chuiditheacha.***

(d) **Acmhainneacht an Aontais agus a chuid comhpháirtithe a neartú i dtaca le coinbhleachtaí a chosc, cothú na síochána agus dul i ngleic le riachtanais réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime** lena n-áirítear trí luathrabhadh agus anailís riosca íogair ó thaobh coinbhleachta de; [...] athmhuintearas, tógáil na síochána agus bearta tógála muiníne, tacú le fothú acmhainneachta chun tacú le gníomhaíochtaí na slándála agus na forbartha (CBSD).

(e) **Na hacmhainní atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú**, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla, maidir le tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus chun líonrú a spreagadh ar gach leibhéal i measc eagraíochtaí atá lonnaithe san Aontas agus iadsan atá ag tairbhithe a liostaítear i Iarscríbhinn I, le go mbeidís in ann a bheith páirteach in idirphlé éifeachtach le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha.

(f) **Ailíniú rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais na dtíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn** le rialacha an Aontais, lena n-áirítear rialacha maidir le cúnamh stáit.

*(fa)* ***Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn. Díreofar le hidirghabhálacha sa réimse seo ar thimpeallacht níos cumasaithe a bhunú le haghaidh cearta na gcailíní agus na mban a chomhlíonadh agus feabhsuithe follasacha nithiúla a bhaint amach i ndáil le comhionannas inscne, lena n-áirítear trí shláine fhisiciúil agus shíceolaíochta na gcailíní agus na mban a áirithiú, trína gcearta eacnamaíocha agus sóisialta a chur chun cinn, tríd an tionchar atá ag cailíní agus ag mná agus a rannpháirtíocht a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do bhuiséadú inscne agus bailiú sonraí atá imdhealaithe de réir gnéis agus aoise.***

(g) **Cáilíocht oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil a neartú ar gach leibhéal agus rochtain níos fearr a thabhairt orthu sin ar fad, agus tacaíocht a thabhairt d'earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha.** Le hidirghabhálacha sa réimse seo, díreofar ar na haidhmeanna seo a leanas: rochtain chothrom a chur chun cinn ar oideachas agus ar chúram luath-óige ardchaighdeáin, agus ar bhunscolaíocht agus ar scolaíocht dara leibhéil, agus soláthar na mbunscileanna a fheabhsú; leibhéil níos airde gnóthachtála oideachais a bhaint amach, dul i ngleic le himirce daoine oilte, luathfhágáil na scoile a laghdú agus oiliúint múinteoirí a threisiú. Córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a fhorbairt, agus córais foghlama obairbhunaithe a chur cinn chun an t-aistriú chuig an margadh saothair a éascú, ***do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh***; caighdeán agus ábharthacht an ardoideachais ***agus an taighde*** a fheabhsú; gníomhaíochtaí *alumni* a spreagadh; rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú, agus tacú le hinfheistíochtaí i mbonneagar an oideachais ion***chuimsithigh*** agus na hoiliúna ***inrochtana***; go háirithe chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus chun oideachas neamhscartha a chothú, lena n-áirítear trí theicneolaíochta digiteacha ***inrochtana*** a úsáid.

(h) **Fostaíocht d'ardchaighdeán agus rochtain ar an margadh saothair a chothú.** Le hidirghabhálacha sa réimse seo, díreofar ar na haidhmeanna seo a leanas: dul i ngleic le rátaí arda dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta trí thacú le lánpháirtiú inbhuanaithe sa mhargadh saothair, go háirithe i dtaca le daoine óga (go mórmhór daoine nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó in oiliúint (NEET)), i dtaca le mná, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus gach grúpa faoi ghannionadaíocht. Déanfar bearta chun fostaíocht d'ardchaighdeán a chruthú chun tacú le forfheidhmiú éifeachtach rialacha agus caighdeáin saothair ar fud an réigiúin ar fad. Príomhréimsí idirghabhála eile a bheidh ann tacú le comhionannas inscne ***agus leis an óige***, infhostaitheacht agus táirgeacht á gcur chun cinn, oibrithe agus fiontair á gcur in oiriúint don athrú, idirphlé sóisialta inbhuanaithe á chur ar bun mar aon le hinstitiúidí mhargadh an tsaothair a nuachóiriú agus a neartú, amhail seirbhísí fostaíochta poiblí agus lucht cigireachta saothair.

(i) **Cosaint agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a chomhrac.** Is é an aidhm a bheidh le hidirghabhálacha sa réimse seo córais chosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint éifeachtach, éifeachtúil agus leordhóthanach a chur ar fáil ag gach céim de shaol an duine, ***lena gcuirtear an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram sa teaghlach nó cúram pobalbhunaithe chun cinn,*** lena ndéantar an cuimsiú sóisialta a chothú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar éagothroime agus ar an mbochtaineacht. Sa réimse seo freisin, díreofar le hidirghabhálacha ar an méid seo a leanas: pobail imeallaithe, amhail na Romaigh, a lánpháirtiú; an t-idirdhealú a chomhrac, bíodh sé bunaithe ar inscne, [...] ***cine, dath,*** tionscnamh eitneach ***nó sóisialta***, ***airíonna géiniteacha, teanga,*** reiligiún nó creideamh, ***tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith,*** míchumas, aois nó gnéaschlaonadh; rochtain ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe ardchaighdeáin a fheabhsú, amhail oideachas agus cúram luath-óige, tithíocht, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta ríthábhachtacha agus cúram fadtéarma, lena n-áirítear trí chórais chosanta sóisialta a nuachóiriú.

(j) **Iompar cliste inbhuanaithe ionchuimsitheach slán a chur chun cinn agus scroigeanna tráchta a fhuascailt i bpríomhbhonneagair líonraí** trí infheistiú i dtionscadail a bhfuil [...] ***breisluach Eorpach*** faoi leith ag baint leo [...]. Ba cheart infheistíochtaí a chur in ord tosaíochta de réir a ábhartha atá siad maidir le naisc TEN-T leis an Aontas Eorpach, a rannchuidiú le soghluaisteacht inbhuanaithe, astaíochtaí laghdaithe, tionchar ar an gcomhshaol, soghluaisteacht shlán, i sineirgíocht le hathchóirithe arna gcur chun cinn ag an gConradh um Chomhphobal Iompair.

***(ja) Slándáil agus éagsúlú fuinnimh a fheabhsú. Le hidirghabhálacha sa réimse seo, díreofar ar éifeachtúlacht agus táirgeacht fuinnimh a mhéadú, chomh maith le tíortha is soláthróirí agus na bealaí soláthair a éagsúlú.***

(k) **Feabhas a chur ar thimpeallacht na hearnála príobháidí agus ar iomaíochas na bhfiontar**, lena n-áirítear speisialtóireacht chliste, agus na fiontair sin mar phríomhspreagthaithe don fhás, do phoist a chruthú agus don lánpháirtiú. Tabharfar tosaíocht do thionscadail a fheabhsaíonn an timpeallacht ghnó.

(l) **Rochtain ar theicneolaíochtaí agus ar sheirbhísí digiteacha a fheabhsú agus taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht a neartú** trí infheistiú ***i bhfothú acmhainneachta i gcórais taighde agus nuálaíochta, scéimeanna soghluaisteachta agus deontais arna gcur in oiriúint le prionsabal an bharrfheabhais eolaíochta a chur chun cinn,*** infheistiú freisin i nascacht dhigiteach, sa mhuinín i gcúrsaí digiteacha agus sa tslándáil dhigiteach, i scileanna digiteacha, i bhfiontraíocht dhigiteach, sa bhonneagar taighde agus i dtimpeallacht chumasúcháin, agus tríd an líonrú agus an obair i gcomhar le chéile a chur chun cinn. ***Beidh sé mar aidhm freisin le hidirghabhálacha sa réimse seo moil bharrfheabhais sa taighde agus sa nuálaíocht a bhunú chun dul i ngleic le himirce na dtaighdeoirí oilte.***

(m) **Cuidiú le slándáil agus sábháilteacht sholáthar an bhia** agus córais inmharthana, éagsúla feirmeoireachta a choimeád ar bun i bpobail bheoga tuaithe agus amuigh faoin tuath.

(n) **Cáilíocht an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú**, aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú comhshaoil agus stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta, bainistíocht inbhuanaithe éiceachórais talún agus muirí agus acmhainní nádúrtha inathnuaite a chur chun cinn agus a chaomhnú, ***infheistiú i mbainistiú uisce agus dramhaíola agus bainistiú inbhuanaithe ceimiceán***, tíosacht acmhainní, tomhaltachas agus táirgeacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus tacú leis an aistriú chuig geilleagair ghlasa agus chiorclacha, cabhrú le hastaíochtaí gás ceapa teasa a laghdú, an teacht aniar a mhéadú in aghaidh an athraithe aeráide agus rialachas a chur chun cinn ar mhaithe le gníomhaíocht ar son na haeráide agus ar son éifeachtúlacht faisnéise agus fuinnimh. Cuirfidh IPA III beartais chun cinn chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar a bheidh tíosach ar acmhainní, slán, inbhuanaithe agus ísealcharbóin, agus an teacht aniar i gcás tubaiste a neartú, chomh maith le cumas coiscthe, ullmhachta agus freagartha i ndáil le tubaistí. [...].

(o) **[...]** ***Comhar a dhéanamh leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir le húsáid shíochánta fuinnimh núicléach i réimsí na sláinte, na talmhaíochta agus na sábháilteachta bia, agus comhlíonadh iomlán na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde á áirithiú ag an am céanna; mar aon le tacú leis na gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí aon timpiste raideolaíoch ar an bpobal áitiúil agus lena ndírítear ar na dálaí maireachtála atá acu a fheabhsú;*** an ***bainistiú eolais, an oiliúint agus an t-oideachas i réimsí núicléacha a chur chun cinn***.

(p) **Feabhas a chur ar an gcumas atá ag an earnáil agraibhia agus an earnáil iascaigh** déileáil le brú iomaíochais agus le fórsaí an mhargaidh mar aon le bheith ag teacht de réir a chéile le rialacha agus le caighdeáin an Aontais, agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil á saothrú ag an am céanna maidir le forbairt chothrom réigiúnach i gceantair thuaithe agus i gceantair cois cósta.

## IARSCRÍBHINN III

**Tosaíochtaí téamacha i dtaca le cúnamh don chomhar trasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I**

***D'fhonn dea-chaidreamh comharsanachta a chur chun cinn, lánpháirtíocht an Aontais a chothú agus forbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn,*** [...] leis an gcúnamh le haghaidh comhair trasteorann ***idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I***, féadfar aghaidh a thabhairt, de réir mar is iomchuí, ar na tosaíochtaí téamacha seo a leanas:

(a) an fhostaíocht a chur chun cinn mar aon le soghluaisteacht saothair agus cuimsiú sóisialta agus cultúrtha thar theorainneacha tríd an méid seo, *inter alia*: margaí trasteorann saothair a chomhtháthú, lena n-áirítear soghluaisteacht trasteorann; comhthionscnaimh áitiúla don fhostaíocht; seirbhísí faisnéise agus comhairliúcháin agus comhoiliúint; an comhionannas inscne; comhdheiseanna; pobail na n-imirceach agus grúpaí leochaileacha a lánpháirtiú; infheistíocht i seirbhísí poiblí fostaíochta; agus tacú le hinfheistíocht i seirbhísí poiblí sláinte agus sóisialta;

(b) an comhshaol a chosaint agus oiriúnú don athrú aeráide agus maolú an athraithe aeráide a chur chun cinn, rioscaí a chosc agus a bhainistiú, *inter alia*, trí chomhghníomhaíochtaí chun an comhshaol a chosaint; úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha a chur chun cinn, an phleanáil chomhordaithe spásúil mhuirí, éifeachtúlacht acmhainní agus an geilleagar ciorclach, foinsí fuinnimh in-athnuaite agus an ghluaiseacht chun geilleagar inbhuanaithe ísealcharbóin slán agus glas a bhaint amach; ***Feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus uisce,*** infheistíochtaí a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha, teacht aniar tar éis tubaistí agus tubaistí a chosc, ullmhacht agus freagairt a áirithiú;

(c) iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus bonneagair phoiblí a fheabhsú trí, inter alia, imeallú a laghdú trí rochtain níos fearr ar líonraí agus ar sheirbhísí iompair, líonraí agus seirbhísí digiteacha agus infheistiú i gcórais agus i saoráidí trasteorann maidir le huisce, le dramhaíl, agus le fuinneamh;

(d) an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a chur chun cinn trí inter alia nascacht dhigiteach, forbairt seirbhísí r-Rialtas, muinín a chur i gcúrsaí digiteacha agus sa tslándáil dhigiteach chomh maith le scileanna digiteacha agus fiontraíocht a úsáid;

(e) an turasóireacht agus an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a spreagadh.

(f) infheistiú san aos óg, san oideachas agus i scileanna trí, inter alia, comhoideachas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar aon le gairmoiliúint, scéimeanna oiliúna agus bonneagar lena dtacófar le gníomhaíochtaí don aos óg;

(g) rialachas áitiúil agus réigiúnach a chur chun cinn agus pleanáil agus cumas riaracháin na n-údarás áitiúil agus na n-údarás réigiúnach a fheabhsú;

(h) an t-iomaíochas, an timpeallacht ghnó agus forbairt na bhfiontar beag agus meánmhéide, an trádáil agus an infheistíocht a fheabhsú trí, *inter alia*, fiontraíocht a chur chun cinn agus tacú léi, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus margaí áitiúla trasteorann a fhorbairt agus idirnáisiúnú;

(i) an taighde a neartú, mar aon le forbairt theicneolaíoch, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí digiteacha, *inter alia*, trí chomhroinnt na n-acmhainní daonna a chur chun cinn, mar aon le ***fothú acmhainneachta i gcórais taighde agus nuálaíochta, scéimeanna soghluaisteachta agus deontais arna gcur in oiriúint le prionsabal an bharrfheabhais eolaíochta a chur chun cinn*** agus saoráidí don taighde agus don fhorbairt teicneolaíochta.

## IARSCRÍBHINN IV

**Liosta Príomhtháscairí Feidhmíochta**

Úsáidfear an liosta seo de phríomhtháscairí feidhmíochta a leanas le gur féidir rannchuidiú an Aontais a thomhas [...] le cuspóirí sonracha ***IPA III***a ghnóthú:

1. Táscaire ilchodach[35] maidir le [...] ***dul chun cinn a dhéanann tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I*** maidir le réimsí bunúsacha na gcritéar polaitiúil [...] (lena n-áirítear an Daonlathas, an Smacht Reachta (na Breithiúna, an Troid in aghaidh éillithe agus an Troid ina aghaidh na coireachta eagraithe) agus Cearta ***Bunúsacha*** [...] ***lena n-áirítear saoirse na meán***), ***agus maidir le dea-chaidreamh comharsanachta*** (foinse**:** an Coimisiún Eorpach).

2. [...] ***Dul chun cinn a dhéanann na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I*** maidir le hathchóiriú riaracháin phoiblí (foinse**:** an Coimisiún Eorpach).

3. Táscaire ilchodach maidir le [...] ***dul chun cinn a dhéanann na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I san ailíniú le*** *acquis* an Aontais (foinse**:** an Coimisiún Eorpach).

4. Táscaire ilchodach maidir le [...] ***dul chun cinn a dhéanann na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i*** réimsí bunúsacha na gcritéar eacnamaíoch (geilleagar margaidh feidhmeach agus iomaíochas) (foinse**:** an Coimisiún Eorpach).

5. Caiteachas na slándála sóisialta poiblí (céatadán de OTI) (foinse**:** EIS) nó Ráta Fostaíochta (foinse: [...] staitisticí ***oifigiúla***)

6. An bhearna dhigiteach idir na tairbhithe agus meán an Aontais (foinse: Innéacs DESI an Choimisiúin Eorpaigh)

7. An t-achar go dtí an teorainn (Gnó a Dhéanamh) scór (foinse**:**an Banc Domhanda)

[35] Ullmhaíonn an Coimisiún Eorpach na trí tháscaire ilchodacha bunaithe ar na tuarascálacha maidir le Méadú, táscairí a bhaineann úsáid as iliomad foinsí neamhspleácha freisin.

8. Déine fuinnimh a thomhsaítear i dtéarmaí fuinnimh phríomhúil agus OTI (foinse:EUROSTAT)

9. Astaíochtaí gas ceaptha teasa arna laghdú nó arna seachaint (Ktona CO2eq) le tacaíocht ón Aontas

10. […]

Déanfar táscairí a imdhealú [...] ó thaobh ***inscne*** de, i gcás inarb ábhartha.